AN COIMISIÚN TOGHLACH

Ráiteas maidir le forálacha iomchuí den Bhunreacht i ndáil le Dáilcheantair agus staitisticí daonra i ndáil le Dáilcheantair agus toghlaigh Pharlaimint na hEorpa

_____

A. Dáilcheantair

1. Comhionannas ionadaíochta

Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 16.2.2° den Bhunreacht:

> "Socrófar líon comhaltaí Dháil Éireann le dlí ó am go ham ach ní cead a lánlíon a bheith faoi bhun comhalta in aghaidh gach tríocha míle den daonra, ná os cionn comhalta in aghaidh gach fiche míle den daonra."

foráiltear mar a leanas le hAirteagal 16.2.3° den Bhunreacht:

> "An chomhréir a bheas idir an líon comhaltaí a bheas le toghadh aon tráth le haghaidh gach dáilcheantair ar leith agus daonra gach dáilcheantair ar leith, de réir an daonáirimh is déanaí dá ndearnadh roimhe sin, ní foláir í a bheith ar cothrom, sa mhéid gur féidir é, ar fud na dúiche uile."

agus foráiltear mar a leanas le hAirteagal 16.2.4°:

> "Ní foláir don Oireachtas na dáilcheantair a athmheas uair ar a laghad sa dá bhliain déag ag féachaint go cuí d'aon athruithe ar shuíomh an daonra."

Rinneadh dáilcheantair Dhála a athmheas go deireanach faoin Acht Toghcháin (Leasú) 2005.

Tá téacs Airteagal 16.2 den Bhunreacht leagtha amach ina iomláine ar leathanach 4; tá alt 6 den Acht Toghcháin 1997 a shonraíonn feidhm agus téarmaí tagartha an choimisiúin (i ndáil le Dáilcheantair agus le Toghlaigh Eorpach) ar leathanach 7.

2. Cásanna cúirte

Rinne an Ard-Chúirt na ceanglais bhunreachtúla maidir le comhionannas ionadaíochta a bhreithniú i gcás O'Donovan v an tArd-Aighne (1961 IR 114) agus bhreithnigh an Chúirt Uachtarach iad in "Maidir le hAirteagal 26 den Bhunreacht agus maidir leis an mBille Toghcháin (Leasú), 1961" (1961 IR 169).

I gcás O'Donovan chinn an Chúirt go raibh an Bille Toghcháin (Leasú), 1959, neamhbhunreachtúil mar nach raibh an chomhréir idir líon na gcomhaltaí agus an daonra, sa mhéid gurbh fhéidir é, ar cothrom ar fud na dúiche uile agus nár tugadh aird chuí ar athruithe i ndáileadh an daonra. Níor leag an Chúirt síos cén difríocht, i gcomparáid leis an meán náisiúnta, a mheasfaí a bheith ceadaithe.

Luadh an méid seo a leanas sa bhreithiúnas freisin:

> "Is ceart aird a thabhairt ar phointe tábhachtach amháin. Ní hé méadú nó laghdú an daonra in aon dáilcheantar áirithe an ní a bhfuil aird 'chuí' le tabhairt air. Ní mór aird a thabhairt ar rud éigin níos leithne ná sin. Is iad na dáilcheantair atá le hathmheas ionas go dtugtar éifeacht do na hathruithe a bhfuiltear ag súil leo i dtaca le dáileadh an daonra. Ní mór na dáilcheantair a fhoirmiú agus a athmheas chun éifeacht a thabhairt do na hathruithe." (1961 IR 151)

<u>An Bille Toghcháin (Leasú) 1961</u>

Maidir leis na claontaí ón meánionadaíocht náisiúnta sna dáilcheantair a bhí leagtha amach sa Bhille Toghcháin (Leasú) (1961) a rith an dá Theach den Oireachtas, bhí siad go léir laistigh de 1,000 duine ón meándaonra in aghaidh an chomhalta. De bhun Airteagal 26 den Bhunreacht, chuir an tUachtarán an Bille faoi bhreith na Cúirte Uachtaraí féachaint an raibh an Bille (nó aon fhoráil nó aon fhorálacha áirithe de) in aghaidh an Bhunreachta nó in aghaidh aon fhorála de. Dúirt an Chúirt:

> "Aithnítear leis an bhfochlásal (i.e. Airteagal 16.2.3^{o}) nach dócha go bhfaighfear, agus nach gá, cothroime cruinn sa chomhréir idir an líon comhaltaí agus an daonra i ngach dáilcheantar. Tagann an cinneadh i dtaobh cad is indéanta faoi réim dhlínse an Oireachtais. Féadfaidh sé, le réasún, nithe éagsúla a bhreithniú, mar shampla a inmhianaithe atá sé cloí, a mhéid is féidir, le teorainneacha aithnidiúla ar nós teorainneacha contaetha, bailte fearainn agus toghrann. D'fhéadfadh sé tarlú nach mór déileáil freisin le ranna atá ann mar gheall ar ghnéithe fisiceacha ar nós aibhneacha, lochanna agus sléibhte. Maidir leis an bhfadhb i dtaobh cad atá indéanta, is fadhb í don Oireachtas go príomha mar go bhfuil eolas ag a chomhaltaí faoi na fadhbanna agus faoi na deacrachtaí atá le réiteach ar eolas é nach féidir leis an gCúirt seo a bheith aici. Ní ceart don Chúirt seo a chinneadh a athbhreithniú mura rud é gur léir go bhfuil sárú ann ar an Airteagal. Ní féidir leis an gCúirt seo, faoi mar atá molta, figiúr a leagan síos ar ina

leith nach gceadaítear an claonadh ón rud ar a dtugtar an meán náisiúnta a bheith os a chionn nó faoina bhun." (1961 IR 183)

3. **Sonraí daonra maidir le gach Dáilcheantar**

Sa tábla i leathanach 5 faightear sonraí maidir leis an bhfaisnéis seo a leanas i ndáil le gach dáilcheantar ar faisnéis í a tógadh as na sonraí daonra i nDaonáireamh 2006:

- an líon comhaltaí atá bunaithe don dáilcheantar faoin Acht Toghcháin (Leasú) 2005;
- daonra an dáilcheantair;
- an daonra in aghaidh an chomhalta; agus
- an claonadh céatadánach sa daonra in aghaidh gach comhalta den dáilcheantar, i gcomhthéacs an mheándaonra náisiúnta in aghaidh an chomhalta.

B. Toghlaigh Pharlaimint na hEorpa

Sonraí Daonra maidir le gach Toghlach Eorpach

Tá staitisticí a bhaineann le toghlaigh láithreacha Eorpacha leagtha amach sa Tábla ar leathanach 6. Faoi fhorálacha Chonradh Nice, is 12 líon iomlán na gcomhaltaí a thoghfar chuig Parlaimint na hEorpa ón Stát (13 i láthair na huaire).

BUNREACHT NA hÉIREANN

Airteagal 16

AN PHARLAIMINT NÁISIÚNTA

16.	2.	1°	Ionadóirí do dháilcheantair a shocraítear le dlí comhaltas Dháil Éireann.
		2°	Socrófar líon comhaltaí Dháil Éireann le dlí ó am go ham ach ní cead a lánlíon a bheith faoi bhun comhalta in aghaidh gach tríocha míle den daonra, ná os cionn comhalta in aghaidh gach fiche míle den daonra.
		3°	An chomhréir a bheas idir an líon comhaltaí a bheas le toghadh aon tráth le haghaidh gach dáilcheantair ar leith agus daonra gach dáilcheantair ar leith, de réir an daonáirimh is déanaí dá ndearnadh roimhe sin, ní foláir í a bheith ar cothrom, sa mhéid gur féidir é, ar fud na dúiche uile.
		4°	Ní foláir don Oireachtas na dáilcheantair a athmheas uair ar a laghad sa dá bhliain déag ag féachaint go cuí d'aon athruithe ar shuíomh an daonra; ach athruithe ar bith dá ndéanfar ar na dáilcheantair ní thiocfaid i bhfeidhm i rith ré na Dála a bheas ina suí le linn an athmheasta sin.
		5°	Is de réir na hionadaíochta cionúire agus ar mhodh an aonghutha inaistrithe a thoghfar na comhaltaí.
		6°	Ní cead dlí a achtú a bhéarfadh faoi bhun triúir an líon comhaltaí a bheas le toghadh d'aon dáilcheantar.

Dáilcheantair Dhála Láithreacha

Dáilcheantar	An líon Teachtaí Dála	Daonra 2006	Daonra in aghaidh an Teachta Dála	Claonadh mar % ón meándaonra náisiúnta in aghaidh an Teachta Dála TD
Ceatharlach-Cill Chainnigh	5	133,745	26,749	4.73
Cabhán-Muineachán	5	120,000	24,000	-6.03
An Clár	4	105,571	26,393	3.33
Corcaí Thoir	4	104,423	26,106	2.21
Corcaí Thuaidh-Lár	4	91,591	22,898	-10.35
Corcaí Thiar-Thuaidh	3	78,953	26,318	3.04
Corcaí Theas-Lár	5	129,379	25,876	1.31
Corcaí Thiar-Theas	3	76,949	25,650	0.42
Dún na nGall Thoir-Thuaidh	3	76,225	25,408	-0.52
Dún na nGall Thiar-Theas	3	71,039	23,680	-7.29
Baile Átha Cliath Láir	4	104,674	26,169	2.46
Baile Átha Cliath Thiar-Meán	4	100,399	25,100	-1.73
Baile Átha Cliath Thuaidh	4	120,309	30,077	17.76
Baile Átha Cliath Thuaidh-Lár	3	72,518	24,173	-5.36
Baile Átha Cliath Thoir-Thuaidh	3	69,717	23,239	-9.01
Baile Átha Cliath Thiar-Thuaidh	3	73,327	24,442	-4.30
Baile Átha Cliath Theas	5	118,704	23,741	-7.05
Baile Átha Cliath Theas-Lár	5	122,168	24,434	-4.34
Baile Átha Cliath Thoir-Theas	4	100,305	25,076	-1.82
Baile Átha Cliath Thiar-Theas	4	97,989	24,497	-4.09
Baile Átha Cliath Thiar	3	92,900	30,967	21.24
Dún Laoghaire	5	114,166	22,833	-10.60
Gaillimh Thoir	4	100,629	25,157	-1.50
Gaillimh Thiar	5	131,041	26,208	2.61
Ciarraí Thuaidh	3	69,444	23,148	-9.37
Ciarraí Theas	3	70,391	23,464	-8.13
Cill Dara Thuaidh	4	105,186	26,297	2.96
Cill Dara Theas	3	81,149	27,050	5.91
Laois-Uíbh Fhailí	5	137,927	27,585	8.00
Luimneach Thoir	5	118,235	23,647	-7.42
Luimneach Thiar	3	71,199	23,733	-7.08
An Longfort-An Iarmhí	4	106,211	26,553	3.96
Lú	4	111,267	27,817	8.91
Maigh Eo	5	123,839	24,768	-3.03
An Mhí Thoir	3	87,188	29,063	13.79
An Mhí Thiar	3	83,169	27,723	8.54
Ros Comáin-Liatroin Theas	3	77,760	25,920	1.48
Sligeach-Liatroim Thuaidh	3	70,852	23,617	-7.53
Tiobraid Árann Thuaidh	3	75,927	25,309	-0.91
Tiobraid Árann Theas	3	74,748	24,916	-2.45
Port Láirge	4	106,530	26,633	4.27
Loch Garman	5	131,749	26,350	3.17
Cill Mhantáin	5	130,356	26,071	2.07
IOMLÁN	166	4,239,848	25,541	

Toghlaigh Láithreacha na hEorpa

Toghlach Eorpach	An líon CPE-anna	Daonra 2006	Daonra in aghaidh an CPE	Claonadh mar % ón meándaonra náisiúnta in aghaidh an CPE (Bunaithe ar 13 Suíochán)
Baile Átha Cliath	4	1,187,176	296,794	-9.00
Thoir	3	1,107,947	369,316	13.24
Thiar-Thuaidh	3	882,335	294,112	-9.82
Theas	3	1,062,390	354,130	8.58
	13*	4,239,848	326,142	

*Is 12 é líon na gComhaltaí de Pharlaimint na hEorpa a thoghfar i 2009.

An tAcht Toghcháin 1997

Cuid II

An Coimisiún Toghlach

Alt 6

6. (1) Is feidhm í de chuid Coimisiúin Toghlach tuarascáil a thabhairt i ndáil leis na nithe seo a leanas—

(a) na dáilcheantair le haghaidh toghadh comhaltaí don Dáil, agus

(b) na toghlaigh le haghaidh toghadh ionadaithe do Pharlaimint na hEorpa.

(2) Le linn tuarascáil a ullmhú faoi fho-alt (1)(a) déanfaidh Coimisiún Toghlach, le linn na forálacha iomchuí den Bhunreacht i ndáil le dáilcheantair Dhála a urramú, aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas:

(a) ní bheidh an líon iomlán comhaltaí den Dáil, faoi réir Airteagal 16. 2. 2 den Bhunreacht, níos lú ná 164 ná níos mó ná 168;

(b) toghfar triúr, ceathrar nó cúigear comhalta i ngach dáilcheantar;

(c) seachnófar sárú teorainneacha contae a mhéid is indéanta;

(d) limistéir thadhlacha a bheidh i ngach dáilcheantar;

(e) tabharfar aird ar chúrsaí geografacha lena n-áirítear gnéithe suntasacha fisiceacha agus fairsinge agus dlús an daonra i ngach dáilcheantar; agus

(f) faoi réir fhorálacha an ailt seo, déanfaidh an Coimisiún iarracht chun leanúnachas a choimeád ar bun i ndáil le socrú na ndáilcheantar.

(3) Le linn tuarascáil a ullmhú faoi fho-alt (1)(b) tabharfaidh Coimisiún aird ar na nithe seo a leanas:

(a) is é an líon iomlán ionadaithe atá le toghadh sa Stát do Pharlaimint na hEorpa ná 15 nó cibé líon eile a bheidh sonraithe de thuras na huaire de bhun na gconarthaí lena rialaítear na Comhphobail Eorpacha;

(b) beidh comhionannas réasúnach ionadaíochta ann amhail idir toghlaigh; agus

(c) na nithe a shonraítear i míreanna (b) go (f) d'fho-alt (2).

(4) Measfar nach bhfolaíonn an tagairt i bhfo-alt (2)(c) do theorainneacha contae tagairt do theorainn contaebhuirge nó d'aon teorainn idir aon dá cheann de na contaetha riaracháin atá arna mbunú de bhua Chuid II den Acht Rialtais Áitiúil (Baile Átha Cliath) 1993.